Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

**Athscríbhinn den fhíseán**

# Teideal an Fhíseáin: Páipéar Comhairliúcháin ar an gCód um Chosaint Tomhaltóirí (Márta 2024)

Tá **athbhreithniú cuimsitheach** á dhéanamh ag Banc Ceannais na hÉireann ar an g**Cód um Chosaint Tomhaltóirí**.

Sa **chéad chéim den athbhreithniú**, seoladh **Plépháipéar**, **cruinnithe le páirtithe leasmhara** agus **suirbhé don phobal** chun tuairimí a fháil ar **shaincheisteanna cosanta tomhaltóirí**.

**Chuir an t-aiseolas** a fuaireamar **go mór lenár dtuiscint** ar na saincheisteanna seo.

Tá **Páipéar Comhairliúcháin ar an gCód um Chosaint Tomhaltóirí** foilsithe againn anois.

Leagtar amach ann **na hathruithe atá beartaithe againn** ar an gCód chun go leanfaidh sé air **ag cosaint tomhaltóirí sa lá atá inniu ann agus amach anseo**.

Tugann an Páipéar Comhairliúcháin **deis do pháirtithe leasmhara a gcuid tuairimí a chur in iúl** maidir leis na hathruithe atá beartaithe ar **struchtúr, ar scóip agus ar ábhar an Chóid**.

Is féidir leat **aiseolas a thabhairt** suas go dtí an **7 Meitheamh 2024**.

Go luath in 2025, **foilseoimid aiseolas** ar na hathruithe beartaithe mar aon leis an g**Cód athbhreithnithe deiridh um Chosaint Tomhaltóirí**.

**TUILLEADH EOLAIS:** centralbank.ie/athbhreithniucoid